Údarás na Gaeltachta

Coróinvíreas COVID-19

Plean Eolais & Tacaíochta Údarás na Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta Advisory & Supports Plan

16 Márta 2020

Gaeltacht na hÉireann

RÉAMHFHOCAL

Tuigeann Údarás na Gaeltachta go bhfuil brú ag an am seo ar chliantchomhlachtaí, fochuideachtaí, eagrais forbartha pobail agus scéimeanna fostaíochta sóisialta a thagann faoinár gcúram de bharr an méid a bhaineann leis an gCorónvíreas Covid-19.

Tá muid anseo chun réimse tacaíochtaí agus comhairle a chur ar fáil chun an tionchar a bheidh ag an gCorónvíreas Covid-19 a mhaolú chomh maith agus is féidir, agus tá súil againn go gcabhróidh an t-eolas atá sa doiciméid seo.

Ag obair as lámh a chéile le Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí agus Comhghleacaithe Stáit eile ar chur chuige comhtháite Stáit i leith Covid-19 tá an tÚdarás tiomanta a chinntiú go bhfuil ár gcliaint agus fochuideachtaí faoi réir agus ar an eolas maidir leis an gcomhairle is déanaí agus tacaíochtaí atá ar fáil.

An chomhairle is mó atá á chur ar fáil dár ngeallshealbhóirí ar fad ná monatóireacht leanúnach agus ghéarchúiseach a dhéanamh ar an treoir atá á eisiúint ag na hÚdaráis Sláinte Poiblí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chomh maith le Ranna Rialtais ábhartha. Is féidir an chomhairle is suas chun dáta maidir le Covid-19 a fháil ag na nascanna seo leanas:

- World Health Organization (WHO)
- European Centre for Disease Prevention and Control (ECDC)
- Lárionad Faire um Chosaint Sláinte(HPSC)
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE)
- An Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta
- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
- An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
- Na Coimisinéirí Ioncaim

Féachann Údarás na Gaeltachta an chomhairle is déanaí agus dea-chleachtas a chur ar fáil sna hearnálacha cuí a bhfuilimid ag plé leo i leith Tacaíochtaí atá ar fáil do Ghnóthaí, Comhairle Gnó do Chliaintchomhlachtaí Gaeltachta, Comhairle Feidhmiúcháin d'Eagrais Forbartha Pobail agus Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta.

Tá gach iarracht déanta a chinntiú go bhfuil an t-eolas sa doiciméad seo cruinn agus suas chun dáta ag am a fhoilsithe agus déanfar uasdhátú rialta air.

Má tá ceist agat ar thacaíochtaí do ghnó nó ábhair eile moltar teagmháil a dhéanamh linn trí rphost chuig eolas@udaras.ie nó glaoch orainn ag +353 91 503100.

16 Márta 2020

Údarás na Gaeltachta

FOREWORD

Údarás na Gaeltachta understands that client companies, subsidiaries, community development organisations and social employment schemes under our aegis are experiencing significant pressures as a result of the Covid-19 Coronavirus.

We are here to provide a number of supports to help mitigate the impact of Covid-19 Coronavirus, as much as possible, and we hope the information contained in this document is of assistance.

Working alongside Government Departments and other State Agencies and colleagues on a cohesive approach to Covid-19, Údarás na Gaeltachta is committed to ensuring that our clients and subsidiaries are prepared and informed about the most up-to-date advice and supports available.

Our over-riding advice to stakeholders is to continually and shrewdly monitor the guidance being issued by the Public Health Authorities nationally and internationally including relevant Government Departments. The most up to date advice on Covid-19 is available at the following links:

- World Health Organization (WHO)
- European Centre for Disease Prevention and Control (ECDC)
- Health Protection Surveillance Centre (HPSC)
- Health Service Executive (HSE)
- Department of Business, Enterprise & Innovation
- Department of Culture, Heritage and Gaeltacht
- Department of Employment Affairs and Social Protection
- The Revenue Commissioners

Údarás na Gaeltachta aims to provide the latest advice and best practice in the sectors in which we operate in terms of Supports for Business, Business Advice for Gaeltacht Client Companies, Operational Advice for Community Development Organisations and Social Employment Schemes.

Every effort has been made to ensure that the information in this document is correct and up-to-date at the time of issuing and will be updated regularly.

If you have a question in relation to business supports or any other query we recommend that you contact us via email to eolas@udaras.ie or by phone at +353 91 503100.

16 March 2020

Údarás na Gaeltachta

Coróinvíreas **COVID-19**

Coróinvíreas **COVID-19** Comhairle Sláinte Poiblí

Má tá fiabhras ort agus/nó casacht, ba cheart duit fanacht sa bhaile fiú mura raibh tú ag taisteal nó i dteagmháil le duine le COVID.

Má tháinig tú ó cheantar ina bhfuil srianta taistil de bharr COVID-19 ba chóir duit srian a chur ar do ghluaiseachtaí ar feadh 14 lá. Tá liosta de na ceantair atá buailte ar fáil ar **www.dfa.ie**

Moltar do gach duine:

> Idirghníomhaíocht shóisialta **a laghdú**
> **Achar 2m** a choinneáil idir tú féin agus daoine eile
> **Ná** croith lámh le daoine nó nach gabh róghar do dhaoine más féidir

Má tá comharthaí agat féach ar **hse.ie** nó cuir scairt ar HSE Live **1850 24 1850**

Conas Tú Féin a Chosaint

Ná
croith lámha nó nach tabhair barróg agus tú ag rá heileo le daoine nó ag beannú do dhaoine

Coinnigh
tú féin 2 mhéadar ar a laghad (6 troithe) ar shiúl ó dhaoine eile, go háirithe na daoine a d'fhéadfadh a bheith tinn

Nigh
do lámha go maith agus go minic chun éilliú a sheachaint

Clúdaigh
do bhéal agus do shrón le ciarsúr páipéir nó le muinchille má bhíonn tú ag casacht nó ag sraothartach

Seachain
do lámha a chur ar do shúile, do shrón nó do bhéal le lámha nach bhfuil nite

Glan
agus díghalraigh rud ar bith a ndéanann tú teagmháil leis

Siomptóim

> Fiabhras (Teocht Ard)
> Casacht
> Giorra Anála
> Deacrachtaí ag Análú

Chun an tEolas is Déanaí a Fháil Tabhair Cuairt ar

www.gov.ie/health-covid-19
www.hse.ie

Tá straitéis leis an COVID a mhoilliú á fheidhmiú ag Éirinn chun teacht le comhairle **WHO** agus **ECDC**

HSE

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Údarás na Gaeltachta

Coronavirus
COVID-19

Coronavirus **COVID-19** Public Health Advice

If you have fever and/or cough you should stay at home regardless of your travel or contact history.

If you have returned from an area that is subject to travel restrictions due to COVID-19 you should restrict your movement for 14 days. Check the list of affected areas on **www.dfa.ie**

All people are advised to:

> **Reduce** social interactions
> **Keep a distance** of 2m between you and other people
> **Do not** shake hands or make close contact where possible

If you have symptoms visit **hse.ie** OR phone HSE Live **1850 24 1850**

How to Prevent

Stop
shaking hands or hugging when saying hello or greeting other people

Distance
yourself at least 2 metres (6 feet) away from other people, especially those who might be unwell

Wash
your hands well and often to avoid contamination

Cover
your mouth and nose with a tissue or sleeve when coughing or sneezing and discard used tissue

Avoid
touching eyes, nose, or mouth with unwashed hands

Clean
and disinfect frequently touched objects and surfaces

Symptoms

> Fever (High Temperature)
> A Cough
> Shortness of Breath
> Breathing Difficulties

For Daily Updates Visit

www.gov.ie/health-covid-19
www.hse.ie

Ireland is operating a delay strategy in line with **WHO** and **ECDC** advice

HSE

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Údarás na Gaeltachta

COMHAIRLE DO CHLIANTCHOMHLACHTAÍ & GNÓNNA GAELTACHTA

Tacaíochtaí atá ar Fáil:
Seo a leanas na tacaíochtaí atá ar fáil do chomhlachtaí incháilithe chun cabhrú leo dul i ngleic leis na fadhbanna gnó a d'fhéadfadh éirí as COVID-19:

- **Deontas Bí Réidh -** Tá an Deontas Bí Réidh ar fáil dár gcliaint (micreafhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide) a bhainfeadh tairbhe as tuilleadh taighde agus saineolas seachtrach a fháil chun plean teagmhais a ullmhú maidir le tionchar Covid-19 agus scrúdú a dhéanamh ar rioscaí a laghdú, cúrsaí sreabhadh airgid, bainistiú acmhainní daonna agus margaíocht. Deontas tacaíochta suas go €5,000 nó 50% den gcostas iomlán atá i gceist.

- **Gníomhaigh ar Thionscnaíocht -** Beidh tacaíocht ar fáil do chliantchomhlachtaí a dhéanann easpórtáil agus a bhfuil tionchar ag an víreas ar a ngnó. Soláthraíonn an tionscnamh 2 lá comhairleoireachta comhlachta gan aon chostas breise chun tacú le comhlachtaí a láidreachtaí a threisiú i dtrí réimse gnó; Bainistíocht Airgeadais, Foinsiú Straitéiseach agus Iompar & lóistíocht.

- Cuireann an **Scéim Mheantóireachta** tacaíocht ar fáil do mheantóir gnó a chuideoidh leat i do chéim tosaithe gnó nó a thabharfaidh comhairle faoi réimsí sonracha de do phlean.

- **Airgead i bhFócas** - tacaíonn an deontas seo le cliantchomhlachtaí maoiniú suas le €7,200 chun costais táillí comhairleoireachta tríú páirtí a chlúdach. Tacaíonn an deontas le plean airgeadais agus gnó a aithníonn riachtanais airgeadais agus foinsí féideartha maoinithe a fhorbairt.

Údarás na Gaeltachta

ADVICE FOR CLIENT COMPANIES & GAELTACHT BUSINESSES

Available Supports
The following are the supports available to eligible companies to help them address business problems which may arise as a result of COVID-19:

- **Be Prepared Grant –** The Be Prepared Grant is available to our clients (microenterprises, small and medium businesses) who would benefit from additional research and external expertise in preparing a contingency plan in relation to Covid-19 and examine how to reduce risk, manage cashflows, human resources and marketing. This support grant is up to €5,000 or 50% of the total cost.

- **Act On Initiative –** This support will be available to client companies which export and whose businesses will be affected by the virus. It will provide access to 2 days consultancy engagement at no extra cost to assess financial management, strategic sourcing and transport and logistics advice.

- The **Mentoring Scheme** provides support for a business mentor to assist you in the initial stage of your business or who will give advice on specific areas of your business plan.

- **Finance in Focus –** offers clients funding of up to €7,200 to cover third party consultant's fees. The grant supports the development of a financial and business plan that identifies funding needs and potential sources of funding.

Údarás na Gaeltachta

Cothabháil agus Forbairt Gnó:

- **Staidéar Féidearthachta** - tá deontais ar fáil chun measúnacht a dhéanamh ar inmharthanacht do choincheap gnó.
- **Deontas caipitil** – is féidir é sin a íoc i gcás ina bhfuil infheistíocht chéaduaire á dhéanamh i sócmhainní dochta ar nós foirgnimh, fearas agus innealra agus i sócmhainní doláimhsithe a chruthaítear le haistriú teicneolaíochta trí sheilbh a fháil ar chearta paitinne, ar cheadúnais nó ar eolas teicniúil nach bhfuil paitinn air.
- Cuireann an **deontas fostaíochta** tacaíocht ar fáil chun cuidiú le fostaithe nua a earcú.
- Cuireann an **deontas oiliúna** tacaíocht ar fáil do chláir oiliúna a thugann oiliúint nó scileanna nua d'fhostaithe.
- **Infheistíocht i scairchaipiteal** - is féidir leis an Údarás gnáthscaireanna a thógáil i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide sna céimeanna tosaigh agus sna céimeanna leathnaithe nuair a bhíonn tábhacht straitéiseach le forbairt an fhiontair.

Tacaíochtaí chun cuidiú le hIdirnáisiúnú:

- **Athbhreithniú ar Mhargadh Straitéiseach** – tacaíocht deontais chun straitéis forbartha margaíochta a athbhreithniú agus a fhorbairt le cabhair ó chomhairleoir seachtrach.
- **Ciste d'Aimsiú Margaidh** – Is í an aidhm atá leis an deontas seo ná comhlachtaí a spreagadh chun straitéisí inmharthana agus inbhuanaithe a bhreithniú chun teacht ar mhargaí nua tíreolaíochta.
- **Tús do Chéimithe** – déantar céimithe agus comhlachtaí a mheaitseáil lena chéile chun pleananna a fhorbairt agus a chur i gcrích atá dírithe ar fhás margaí lárnacha. Tugtar tacaíocht do thuarastal agus d'oiliúint an chéimí.

Tacaíochtaí d'Fheabhsú Táirgíochta agus Próiseas Gnó:

Deontas Nuálaíochta, Ciste Nuálaíochta Agile, Ciste TF&N, Nuálaíocht Ghnó agus Comhpháirtíocht & Dearbhán Nuálaíochta, cuidíonn siad seo ar fad le comhlachtaí chun forbairt a dhéanamh ar mhargaí nua, teicneolaíochtaí, táirgthe, próisis agus comhghuaillíochtaí straitéiseacha chun feabhas a chur ar a n-ábaltacht feidhmiú i margaí thar a bheith iomaíoch.

Tacaíochtaí Forbartha Bainistíochta:

Clár Meantóireachta, Comhairleoireacht Straitéiseach, Príomhbhainisteoir, tacaíonn siad seo leis an gcostas a bhaineann le tionscnamh nua straitéiseach forbartha a phleanáil nó a chur i bhfeidhm i do chomhlacht; agus scileanna agus saineolas lárnach a thabhairt d'fhoireann ardbhainistíochta an chomhlachta agus dúshlán a chur ar na fiontair bheaga agus mheánmhéide chun a ngnó a fhás agus a fhorbairt.

Tacaíochtaí chun cuidiú le hIomaíocht:

Deontais Lean Start, Lean Plus agus Lean Transform, Green Start agus Green Plus - Tugann na Tacaíochtaí d'Fheabhsú Táirgíochta agus Próiseas Gnó tacaíocht do chomhlachtaí chun a bhfeidhmíocht agus a n-iomaíocht a fheabhsú agus a mhéadú agus éifeachtúlacht na gcomhlachtaí a thiomáint.

Údarás na Gaeltachta

Maintaining and Developing Business:

- **Feasibility Study –** The feasibility study grant aid is available to assess the viability of a business idea.
- **Capital Grant** – A capital grant may be given to enterprises seeking aid for an initial investment for capital expenditure costs in material and immaterial assets. Material assets refers to assets relating to land, building and plant and machinery. Immaterial assets refer to assets entailed by the transfer of technology through the acquisition of patent rights, licences know-how or unpatented technical knowledge.
- **Employment grants** provide support towards the recruitment of additional employees.
- **Training grants** provide assistance for training programmes that train or up-skill employees.
- **Share Capital Investment** - An tÚdarás can take an equity stake in small and medium enterprises in the start-up and expansion phases where this is of strategic importance to the development of the enterprise.

Support the assist with Internationalisation:

- **Strategic Market Review** – a grant support to review and develop a marketing development strategy with the help of an external consultant.
- **Market Discovery Fund** – This support aims to incentivise companies to undertake market research and develop viable and sustainable market entry strategies in new geographic markets.
- **Grad Start** – graduates and companies are matched to develop and implement plans which focus on growing central markets. Support is provided for the training and salary of graduates.

Productivity and Business Process Improvement Supports:

Innovation Grant, Agile Innovation Fund, RD&I Fund, Business Innovation and Innovation Vouchers & Partnerships, all assist to develop new markets, technologies, products, strategic processes and partnerships to improve their ability to operate in highly competitive markets.

Mangement Development Supports

Mentoring Programme, Strategic Consultancy, Key Manager, - these supports assist with the costs associated with planning or implementing a new strategic development initiative in your business; introduce key skills and expertise to the company's senior management team and challenge SMEs/larger companies to grow and develop their business.

Supports to aid Competitiveness:

Lean Start, Lean Plus and Lean Transform, Green Start and Green Plus Grants - these Productivity and Business Process Improvement Supports help companies to improve and increase performance and competitiveness and to drive the effectiveness of their businesses.

COMHAIRLE GNÓ

Tá géarchéim COVID-19 ag cruthú dúshlán airgeadais thromchúiseacha agus láithreacha d'fhiontair. Seo roinnt céimeanna praiticiúla ar féidir leat a thógáil:

1. Labhair le do bhanc. Tá na bainc tar éis a fhógairt go mbeidh siad solúbtha lena gcuid custaiméirí, agus go mb'fhéidir go mbeadh siad in ann áiseanna ó thaobh saoire íocaíochta nó caipiteal oibre éigeandála a chur ar fáil.

2. Déan bainistiú ar do shreabhadh airgid láithreach. Féach ar an scóip maidir le:
   - Costais athraitheacha a laghdú
   - Moill a chur ar chaiteachas lánroghnach
   - Síneadh a chur le hiníocaíochtaí
   - Dlús a chur faoi do chuid infháltais
   - Roghanna maidir le maoiniú slabhra soláthair a fhiosrú

3. Úsáid tacaíochtaí rialtais atá ar fáil maidir le caipiteal oibre.
   - Tugann an **Scéim Ráthaíochta Creidmheasa** tacaíochtaí iasachta suas go €1 milliún do thréimhsí suas go 7 mbliana. Is féidir iarratais a dhéanamh le Bainc-Aontas Éireann, Banc na hÉireann agus Banc Uladh. Critéir cháilitheachta i gceist

   - Is féidir le Micreafhiontair teacht ar **iasachtaí COVID-19** suas go €50,000 ó MicroFinance Ireland. Iasachtaí ar fáil ag rátaí úis idir 6.8% agus 7.8%. Is féidir le gnóthaí iarratas a dhéanamh díreach le microfinanceireland.ie. Critéir cháilitheachta i gceist

   - Beidh an **Scéim Caipitil Oibre €200m SBCI Covid-19** do ghnóthaí incháilithe ar fáil faoi cheann seachtaine. Is í an iasacht is mó ná €1.5 milliún (an chéad €500,000 neamhurraithe) agus is 4% a bheidh uasmhéid an ráta úis. Is féidir iarratas a dhéanamh anseo ag láithreán gréasáin SBCI sbci.gov.ie. Critéir cháilitheachta i gceist

   - Tá **Pacáiste €200m do Thacaíochtaí Fiontair** le Scéim Tarrthála agus Athstruchtúraithe ar fáil trí Fhiontraíocht Éireann do chomhlachtaí inmharthana ach leochaileach a dteastaíonn athstruchtúrú nó athrú uathu.

4. Téigh i gcomhairle le do chuntasóir nó úsáid an tacaíocht chomhairleach atá ar fáil ó Údarás na Gaeltachta

5. Seiceáil do pholasaí árachais agus féach an gclúdaítear cuir isteach ar do ghnó, nó dúnadh sealadach do ghnó, de bharr Covid-19

Údarás na Gaeltachta

BUSINESS ADVICE

The COVID-19 crisis is creating serious and immediate financial challenges for businesses. Here are some practical steps you can take:

1. **Talk to your bank.** All the banks have announced that they will offer flexibility to their customers, and they may be able to provide payment holidays or emergency working capital facilities.

2. Take immediate steps to manage your cashflows. Look for scope to:
   - Lower variable costs
   - Delay discretionary spend
   - Extend your payables
   - Expedite your receivables
   - Explore supply chain financing options Costais athraitheacha a laghdú

3. Use available government supports for working capital.
   - The **Credit Guarantee Scheme** supports loans up to €1 million for periods of up to 7 years. Applications can be made to AIB, Bank of Ireland and Ulster Bank. **Eligibility criteria apply**.

   - **Microenterprises**, can access **COVID-19 loans** of up to €50,000 from **MicroFinance Ireland**. Loans are available at an interest rate of between 6.8% and 7.8%. Businesses can apply directly at microfinanceireland.ie. **Eligibility criteria apply.**

   - The **€200m SBCI Covid-19 Working Capital Scheme** for eligible businesses will be available within the next week. Maximum loan size will be €1.5 million (first €500,000 unsecured) and the maximum interest rate will be 4%. Applications can be made through the SBCI website at sbci.gov.ie. **Eligibility criteria apply**.

   - A **€200m Package for Enterprise Supports** including a Rescue and Restructuring Scheme is available through Enterprise Ireland for vulnerable but viable firms that need to restructure or transform their business.

4. Get advice from your accountant or use the advisory support available from Údarás na Gaeltachta.

5. Check if your insurance policy covers you for an interruption in your business, or a temporary business closure, caused by Covid-19

Údarás na Gaeltachta

6. Má tá imní ort maidir le dliteanas cánach a íoc labhair leis na Coimisinéirí Ioncaim, a bhfuil an chomhairle seo curtha ar fáil acu:
   - **Tuairisceáin Chánach:** ba cheart do ghnóthaí a bhfuil deacrachtaí sealadacha acu maidir le sreabhadh airgid leanúint ar aghaidh ag cur ag gcuid tuairisceán cánach isteach in am
   - **Gearradh Úis:** tá an t-ús a ghearrtar ar íocaíochtaí déanacha curtha ar fionraí i leith dhliteanais CBL mhí Eanáir/Feabhra agus i leith dhliteanais ÍMAT (Fostóra) mhí Feabhra agus mhí an Mhárta araon
   - **Forfheidhmiúchán Fiachais:** Tá na gníomhaíochtaí ar fad forfheidhmiúcháin fiachais curtha ar fionraí go dtí go dtugtar fógra eile
   - **Imréiteach Cánach:** leanfaidh an stádas reatha imréitigh cánach i bhfeidhm do gach gnó thar na míonna amach romhainn
     Féach https://www.revenue.ie/ga/Home.aspx

7. Tabhair ar aird go bhfuil tacaíochtaí eile Rialtais ar fáil. Mar shampla:
   - Is féidir le comhlachtaí a chaithfidh uaireanta nó laethanta oibre a laghdú cur isteach ar Thacaíocht Ghearrthéarmach Oibre Choimirce Sóisialaí na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí trí theagmháil a dhéanamh le hOifig áitiúil Intreo,
   - Cuirfidh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta seirbhís tacaíochta Chéad Freagróra ar fáil tríd Oifigí Intreo agus na gníomhaireachtaí forbartha Fiontraíocht Éireann agus an tÚdarás Forbartha Tionscail i ngach réigiún chun tacaíochtaí saincheaptha a chur ar fáil do chomhlachtaí atá buailte agus an aidhm a bheidh leo ná scaoileadh chun bóthair ollmhór a sheachaint agus am a thabhairt do chomhlachtaí dul i ngleic le constaicí gearrthéarmacha.
   - Féach ar Sheicliosta Phlean Teagmhais na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta a dhéanann achoimre ar na gníomhaíochtaí ullmhaithe ar cheart do ghnóthaí tabhairt fúthu mar fhreagra ar COVID-19 agus chun tuilleadh eolais agus naisc a fháil ar Covid-19 https://dbei.gov.ie/ga/

Chun Iarratas a Dhéanamh:
Tá oifigigh de chuid an Údaráis ar fáil am ar bith chun an bealach is fearr le tacaíocht a thabhairt do do chomhlacht a phlé leat, déan teagmháil linn le do thoil.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó eolas@udaras.ie & www.udaras.ie

Údarás na Gaeltachta

6. If you have concerns about your ability to pay your tax liabilities speak to the Revenue Commissioners, who have advised:
   - **Tax Returns:** businesses experiencing temporary cash flow difficulties should continue to send in tax returns on time.
   - **Application of Interest:** the application of interest on late payments is suspended for January/February VAT and both February and March PAYE (Employers) liabilities.
   - **Debt Enforcement:** All debt enforcement activity is suspended until further notice.
   - **Tax Clearance:** current tax clearance status will remain in place for all businesses over the coming months.
     See www.revenue.ie

7. Be aware of other government supports available. For example:
   - Firms that need to reduce hours or days worked can avail of the Department of Employment Affairs and Social Protection Short Term Work Support by contacting their local Intreo Office.
   - The Department of Employment Affairs and Social Protection and the Department of Business, Enterprise and Innovation will provide a joint First Responder support service through the Intreo Offices in each region to provide tailored supports for impacted firms, with the objective of avoiding mass lay-offs and buying time for firms to work through the short-term disruptions.
   - Review the DBEI Business Continuity Planning checklist which provides a checklist of preparatory actions for businesses in responding to COVID-19 and other relevant information and links on COVID-19.
   -

How to apply:
Údarás officials are available at all times to discuss to best supports available to your company, please contact us.

Additional information available from eolas@udaras.ie & www.udaras.ie

Údarás na Gaeltachta

COMHAIRLE D'EAGRAIS FORBARTHA POBAIL

Tá Údarás na Gaeltachta ag obair go dlúth leis na heagrais forbartha pobail atá faoinár gcúram chun a chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí agus an t-eolas cuí ar fáil acu. Chomh maith leis sin táimid ag moladh go leanfadh na heagrais forbartha pobail an treoir atá ag teacht ó áisíneachtaí sláinte an Stáit i leith Covid-19, molann muid go sonrach:

- Gur chóir d'fhostaithe na n-eagras forbartha pobail atá in ann oibriú ón mbaile, é sin a dhéanamh ón 13/03/2020 ar aghaidh go dtí 29/03/2020 nó go gcloistear a mhalairt, ach go bhfuil an rogha acu freisin oibriú ón oifig más sin is oiriúnaí dóibh
- Gur chóir cruinnithe, cúrsaí oiliúna nó aon ócáidí eile atá eagraithe a thabharfadh daoine le chéile faoi dhíon, agus nach bhfuil práinn ag baint leo, a chur ar ceall
- Gur chóir oibriú ón mbaile má tá fadhb ar leith sláinte agat nó ag duine i do theaghlach
- Gur chóir oibriú ón mbaile má tá deacrachtaí agat i dtaobh socruithe cúram clainne de dheasca na scoileanna a bheith dúnta

Ag an nóiméad seo, níl aon treoir oifigiúil faighte na hoifigí ina bhfuil sibh ag obair a dhúnadh. É sin ráite, tá muid ag moladh leanúint le moltaí agus treoir atá á n-eisiúint ag Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte (HSE) maidir le COVID-19.

Beidh Aonad Forbartha Pobail Údarás na Gaeltachta agus feidhmeannaigh an Údaráis ar fáil mar is gnáth, ar an bhfón agus ríomhphost, do na heagrais forbartha pobail. Is féidir cruinnithe a eagrú ar líne nó ar an bhfón, ach tá muid ag moladh faoi láthair nach mbeadh cruinnithe á reáchtáil ar an láthair.

Tá plé déanta ag Údarás na Gaeltachta leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta chun a chinntiú go mbeidh sruth airgid in áit chun freastal ar éilimh deontas reáchtála ar an gnáth-bhealach sna seachtainí romhainn.

Beidh na socruithe seo i bhfeidhm go dtí go bhfaightear treoir oifigiúil na Ranna cuí.

Údarás na Gaeltachta

ADVICE FOR COMMUNITY DEVELOPMENT ORGANISATIONS

Údarás na Gaeltachta is working closely with the community development organisations under our aegis to ensure that they have the proper supports and information available to them. We recommend that the community development organisations continue to follow the guidance from State health agencies in relation to Covid-19, in addition we also specifically recommend:

- Employees of community development organisations who can work from home are to do so from 13/03/2020 until 29/03/2020 or until otherwise stated, but that they have the option to work from the office if that is more suitable,
- Meetings, training courses or other organised events which would bring people together indoors, and which are not of vital importance, be cancelled,
- You should work from home if you, or a member of your family, have a health condition,
- You should work from home if you have difficulties with childcare as a result of the school closures

At this juncture, there has been no official guidance that the offices in which you work are to be closed. Having said that it is recommended that you follow the recommendations and guidance issued by the Health Service Executive in relation to COVID-19.

The Údarás na Gaeltachta Aonad Forbartha Pobail (Community Development Unit) and Údarás executives will be available to community development organisations as usual, by phone and email. Meetings can be arranged online or on the phone but we are advising that meetings do not take place on location.

Údarás na Gaeltachta has had discussions with the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht to ensure that in the coming weeks that funding mechanisms remain functional to facilitate operational grant claims in the usual manner in the weeks ahead.

These arrangements will be in place until other official guidance is given by the relevant Government departments.

Údarás na Gaeltachta

COMHAIRLE DO SCÉIMEANNA FOSTAÍOCHTA POBAIL

Tá Údarás na Gaeltachta i mbun cumarsáid leanúnach le saoistí na Scéimeanna Fostaíochta Pobail atá faoi chúram an Údaráis sa Ghaeltacht.
Is féidir teacht ar an eolas is deireanaí maidir le treoir i leith Covid-19 anseo:
https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/a29214-none/

Seo leanas an chomhairle shonrach atá Údarás na Gaeltachta ag soláthar do Shaoistí na Scéimeanna Fostaíochta Pobail agus do Rannpháirtithe na Scéimeanna i leith Covid-19:

Saoistí

- Tá muid ag moladh d'aon saoiste atá in ann oibriú ón mbaile, é sin a dhéanamh ón 13/03/2020 ar aghaidh go dtí go gcloiseann sibh a mhalairt
- Sa chás go bhfuil fadhb ar leith sláinte ort nó ar dhuine i do theaghlach, tá muid ag iarraidh ort oibriú ón mbaile nó go gcloiseann sibh a mhalairt
- Má tá deacrachtaí agaibh ó thaobh socruithe cúram clainne de dheasca na scoileanna a bheith dúnta, tá cead deonaithe oibriú ón mbaile
- Ag an nóiméad seo, níl aon treoir oifigiúil faighte ón Roinn cuí na hoifigí ina bhfuil sibh ag obair a dhúnadh, é sin ráite, tá muid ag moladh daoibh leanúint leis na moltaí agus treoracha atá á n-eisiúint ag Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte (HSE) maidir le COVID-19
- Tá muid ag tabhairt treoir do gach saoiste aon chúrsa /chruinniú nó a leithéid a chur ar ceal láithreach
- Is cóir a dhul i gcomhairle láithreach leis na hionaid ina bhfuil rannpháirtithe ag obair chun go mbeadh siad ar an eolas maidir leis an treoir a cheadaíonn do rannpháirtithe fanacht sa bhaile as seo nó go bhfógraítear a mhalairt

Rannpháirtithe

- Go dtí go cloistear a mhalairt, beidh na rannpháirtí á scaoileadh óna gcuid dualgas ar feadh tréimhse nach bhfuil socraithe fós. Go bunúsach, beidh na rannpháirtithe ag fanacht sa bhaile as seo amach. Déanfar socruithe amach anseo le gach rannpháirtí maidir leis an huaireanta cuí a oibriú ar ais sa todhchaí

Mar eolas, beidh Údarás na Gaeltachta ag feidhmiú i rith na tréimhse seo agus beidh fáil ar fhoireann an Údaráis ar an bhfón agus ar ríomhphost.

Beidh na socruithe seo i bhfeidhm go dtí go bhfaightear treoir oifigiúil ón Roinn Rialtais chuí.

Údarás na Gaeltachta

ADVICE TO SOCIAL EMPLOYMENT SCHEMES

Údarás na Gaeltachta is in constant contact with the supervisors of the Social Employment Schemes under the aegis of Údarás na Gaeltachta in Gaeltacht areas. The latest information in relation to Covid-19 can be found here: https://www.gov.ie/en/publication/ea1c30-updated-measures-in-response-to-covid-19-coronavirus/

Here follows the specific advice Údarás na Gaeltachta has provided to the Supervisors of the Social Employment Schemes and the Scheme Participants in relation to Covid-19:

Supervisors

- We are recommending to any supervisors who can work from home are to do so from 13/03/2020 onwards until stated otherwise
- You should work from home if you, or a member of your family, have a health condition,
- You are approved to work from home if you have difficulties with childcare as a result of the school closures,
- At this juncture, there has been no official guidance that the offices in which you work are to be closed, that said, it is recommended that you follow the recommendations and guidance issued by the Health Service Executive in relation to COVID-19.
- All training courses/meetings organised by Supervisors are to be cancelled,
- You should consult with the locations/centres in which participants are working to ensure that they are aware of the guidance which allows for participants to stay at home from now until further notice,

Rannpháirtithe

- Until further notice, participants are being released from their duties for an undetermined period. Basically, participants will be staying at home from now on. Arrangements will be made in the future on how the relevant hours can be worked back.

Údarás na Gaeltachta will be operating during this period and its staff will be available by phone or by email.

These arrangements will be in place until official guidance is given by the relevant Government departments.

Údarás na Gaeltachta

TEAGMHÁIL LE hÚDARÁS NA GAELTACHTA

Chun Iarratas a dhéanamh nó comhairle a fháil:
Tá oifigigh de chuid an Údaráis ar fáil am ar bith chun an bealach is fearr le tacaíocht a thabhairt do do chomhlacht a phlé leat, déan teagmháil linn le do thoil.

Seol rphost chuig:
eolas@udaras.ie

Cuir glaoch orainn:

Ardoifig, Gaillimh:	091-503100
Oifig Réigiúnach Dhún na nGall:	074-9560100
Oifig Réigiúnach Mhaigh Eo:	097-81418
Oifig Réigiúnach Chiarraí:	066-9150100
Oifig Réigiúnach Chorcaí:	026-45366

Léigh fúinn ag:
www.udaras.ie

Faigh an scéal is déanaí:
https://www.facebook.com/UdarasnaG/
https://www.instagram.com/udarasnag/
https://twitter.com/UdarasnaG
https://www.linkedin.com/company/udarasnagaeltachta

Údarás na Gaeltachta

CONTACTING
ÚDARÁS NA GAELTACHTA

To make an application or to receive advice:
Údarás officials continue to be available to discuss the most appropriate supports available to your company, please contact us.

Email us:
eolas@udaras.ie

Call us:
Headquarters, Galway: 091-503100
Donegal Regional Office: 074-9560100
Mayo Regional Office: 097-81418
Kerry Regional Office: 066-9150100
Cork Regional Office: 026-45366

Visit our Websit:
www.udaras.ie

Follow us on social media for the latest news:
https://www.facebook.com/UdarasnaG/
https://www.instagram.com/udarasnag/
https://twitter.com/UdarasnaG
https://www.linkedin.com/company/udarasnagaeltachta

Údarás na Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
H91 TY22

eolas@udaras.ie
www.udaras.ie

Gaeltacht na hÉireann